



# FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

## AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Ionstraimí idirnáisiúnaithe FBManna: líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach iad gan a bheith go hiomlán comhleanúnach ná comhordaithe

# Clár na nÁbhar

EXECUTIVE SUMMARY (Paragraphs I-IX) .....	2
INTRODUCTION (Paragraphs 1-19) .....	2
AUDIT SCOPE AND APPROACH (Paragraphs 20-23) .....	3
OBSERVATIONS (Paragraphs 24-77).....	3
CONCLUSIONS AND RECOMMENDATIONS (Paragraphs 78-90) .....	8

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-IX)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**III.** Thacaigh an beartas comhtháthaithe le FBManna le linn chlárthréimhse 2014-2020 trí CFRE ag a raibh an sciar is mó de bhuiséad an Aontais (EUR 40 billiún) a bhí tiomnaithe d'iomaíochas FBManna, agus chomh maith céanna do nuálaíocht FBManna, digitíú agus an bogadh i dtreo geilleagar íseal-charbóin. **VI.** Aontaíonn an Coimisiún gur shainaithe straitéis 2011 na príomh-chonstaicí i gceart agus measann sé gur cuireadh chun feidhme go rathúil roinnt mhaith gníomhaíochtaí a áiríodh sa straitéis.

Maidir leis an ngá a shainaithe CIE le haghaidh fardal cothrom le dáta de na gníomhaíochtaí ábhartha sa réimse sin (trína bhféadfaí bearnaí, forluíonna agus sineirgí féideartha i measc gníomhaíochtaí a shainaithe), aontaíonn an Coimisiún freisin nach dtugtar aghaidh air ach go páirteach le foilseachán an Choimisiúin 'Overview of EU instruments contributing to internationalisation of European Business' [Forbhreathnú ar ionstraimí an Aontais a rannchuidíonn le hidirnáisiúnú Gnólachtaí Eorpacha] a foilsíodh in 2015, agus a tugadh cothrom le dáta in 2017, 2019 agus 2020.

**VII.** Cé nach féidir an tionchar iomlán ó idirnáisiúnú FBManna a thomhas, dúirt meastóireacht eatramhach 2017 ar chlár COSME go soiléir go raibh EEN éifeachtach. Tá an Coimisiún agus EISMEA ag féachaint leis an tionchar a láidriú in EEN athnuaite. Tá siad ag féachaint freisin le feabhas breise a chur ar an gcomhordú idir EEN agus ionstraimí idirnáisiúnaithe eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

**VIII** Cé nach bhfuil aon chomhlacht comhordaithe sonracha ainmnithe ann, ó Mhárta 2020 i leith rannchuidíonn Cruinnithe Mullaigh *Start-up Europe* agus cruinnithe rialta inmheánacha agus seachtracha eile le comhordú straitéiseach an tionscnaimh i dtreo a chuid cuspóirí foriomlána trí rannchuidiú gnólachtaí nuathionscanta le fás a chur i dtábhacht, moltaí sonracha beartais a dhéanamh agus comhoibriú idir tionscadail a éascú.

Déanfaidh an Coimisiún táscairí agus cuspóirí breise a fhorbairt chun éifeachtacht fhoriomlán an tionscnaimh a thomhas.

**IX.** An chéad fhleasc: glacann an Coimisiún agus EISMEA leis an moladh sin.

An dara fleasc: Glacann an Coimisiún agus EISMEA leis an moladh sin.

An tríú fleasc: Glacann an Coimisiún leis na moltaí.

## RÉAMHRÁ (Míreanna 1-19)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**05.** Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht gurbh éard ba phríomh-chuspóir don Acht um Ghnólachtaí Beaga treoirphrionsabail a leagan síos le haghaidh cheapadh agus chur chun feidhme beartas ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát araon.

**13.** Tugann an Coimisiún dá aire gurb ann do thionscnaimh eile an-ábhartha maidir le hidirnáisiúnú FBManna amhail cinn a bhaineann le braislí.

**15.** Tháinig an croí-bhuiséad le haghaidh EEN don tréimhse 2015-21 ó chlár COSME. Mar sin féin, faoi Ionstraim FBM de chuid Fhís 2020, soláthraíodh cistiú breise le haghaidh seirbhísí sonracha nuálaíochta chun cuidiú le tairbhíthe na hIonstraime sin agus chun feabhas a chur ar na hinniúlachtaí bainistithe nuálaíochta atá ag FBManna nuálacha Eorpacha. Tagann cistiú an Aontais anuas ar sheirbhísí a sholáthraíonn comhaltaí EEN cheana féin ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus dearadh é chun luach Eorpach chur leis an réimse.

## RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 20-23)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún. (Nuair nach mbíonn freagraí ann sa roinn ar fad) Stíl 'normal'

## BARÚLACHA (Míreanna 24-77)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**24.** An chéad fhleasc: Cuireann formhór na dtionscadal AE san áireamh an cuspóir maidir le scaipeadh na faisnéise, ní hamháin ar na cuideachtaí atá rannpháirteach sna tionscadail, ach freisin ar eagraíochtaí gnó agus ar ardáin náisiúnta eile.

An dara fleasc: Is minic gurb iad Toscaireachtaí AE a dhéanann tionscadail an Aontais lena mbaineann gné idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Nuair is í an cheanncheathrú atá i gceannas ar an gcur chun feidhme, bíonn Toscaireachtaí AE rannpháirteach ón gcéim tosaigh agus freisin cuireann siad Ballstáit i dtríú tíortha gaolmhara ar an eolas agus i mbun rannpháirteachais.

An tríú fleasc: Tagann formhór na dtionscadal sna sála ar chleachtaí tosaigh mapála i dtríú tíortha chomh maith le misin aimsithe fíoras. Le linn comhairliúcháin fhorleathana i dtríú tíortha bhí Ballstáit agus eagraíochtaí gnó i láthair sa tír rannpháirteach ar bhonn córasach. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear bhíodas in ann anailís níos fearr a dhéanamh ar chuideachtaí Eorpacha i dtríú tíortha spriocdhíríthe agus comhar idir páirtithe leasmhara a athneartú.

**26.** Sprioc dhlisteanach is ea tacaíocht chomhleanúnach agus chomhordaithe le haghaidh FBManna. Ach is amhlaidh go bhfuil an domhandú agus margaí atá ag fás i dtríú tíortha ag cur brú ar údaráis phoiblí chun méadú a chur ar an líon ionstraimí lena dtugtar tacaíocht do chuideachtaí an Aontais sna margaí sin ar an gcoigríoch.

**27.** Má chuirtear san áireamh an líon ard gníomhaithe sa réimse seo, is deacair breith ar an bpictiúr iomlán, i bpáirt toisc go bhfuil na tionscadail ag freagairt do spriocanna atá ag bogadh i dtírdhreach athraitheach eacnamaíoch domhanda.

**28.** Cleachtadh inmheánach de chuid an Aontais is ea an Forbhreathnú ar a dtugtar tuairisc, agus tá sé teoranta d'ionstraimí an Aontais atá tiomnaithe don idirnáisiúnú. Ní chumhdaíonn sé gníomhaíochtaí Ballstát, go díreach i ngeall ar ollmhéid na ngníomhaíochtaí a fhorbraítear ar leibhéal na mBallstát.

**30.** Tar éis an atheagrúcháin a rinneadh ar AS GROW le déanaí, tá aonad tiomnaithe ag an gCoimisiún anois lena gcuimhdaítear idirnáisiúnú FBManna agus an idirnáisiúnú níos leithne araon. Tá lárú déanta freisin in aonad aonair ar phríomh-ghréasáin tacaíochta amhail EEN agus gréasáin braislí. Oibríonn na haonaid sin i ndlúthchomhar le chéile, agus leis an aonad FBManna freisin. Ina theannta sin, mar thoradh ar na Comhairliúcháin Idirsheirbhíse áirithítear comhordú idir seirbhísí an Choimisiúin.

**31.** I gcás roinnt gníomhaíochtaí amhail iad siúd chun feasacht a ardú maidir leis na tairbhí a bhaineann le FTA (féach mír 35) agus an 'Forbhreathnú ar ionstraimí an Aontais a rannchuidíonn le hidirnáisiúnú Gnólachtaí Eorpacha', tugann siad aghaidh go páirteach ar an ngá sin agus soláthraíonn siad faisnéis luachmhar chun dul isteach i margaí nua.

**34.** Féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 35.

**35.** Rinne an Coimisiún an iliomad gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas faisnéise praiticiúla atá ann maidir le conas Comhaontuithe Saorthrádála a úsáid. Ó Dheireadh Fómhair 2020, le leathadh amach na huirlise Access2Market agus a comhpháirte comhtháite ROSA (Uirlis Féinmheasúnaithe maidir leis na Rialacha Tionscnaimh) agus na huirlise Access2Procurement, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoimisiún sa treo sin. Tá sé i gceist go leathnófaí seirbhísí Access2Markets in 2022, chomh maith le cumhdach ROSA ar na comhaontuithe uile faoi dheireadh 2022.

Ag gabháil le seoladh Access2Markets i nDeireadh Fómhair 2020 bhí feachtas ardaithe feasachta lenar cuireadh i dtábhacht na tairbhí a bhaineann le Comhaontuithe Saorthrádála. Ó seoladh é, bhí nach mór 1.9 milliún cuairteoir tar éis úsáid a bhaint as faoi 2021, rud a léiríonn go raibh ag éirí leis na feachtais ardaithe feasachta. Reáchtáladh imeachtaí oiliúna freisin le haghaidh príomh-iolraitheoirí (amhail EEN, Eagraíochtaí Cur Chun Cinn Trádála, Toscaireachtaí AE, comhlachais ghnó) atá in ann ansin an t-eolas a scaipeadh.

**36.** Próiseas leanúnach is ea an t-ardú feasachta agus leanfaidh an Coimisiún air i mbun a chuid iarrachtaí sa treo sin. Teastaíonn cuidiú ó FBManna chun rochtain a fháil ar na tairbhí a bhaineann lenár gcuid Comhaontuithe Saorthrádála agus tá an cumarsáid éifeachtach barr-riachtanach chun laincisí a n-acmhainneachta a scaoileadh. Is ar an údar sin go leanann an Coimisiún air i mbun an chumarsáid a neartú agus i mbun iarrachtaí for-rochtana i leith FBManna, rud a bhíonn faoi stiúir an Phríomh-Oifigigh Forfheidhmithe Trádála (POFT) a ceapadh in Iúil 2020. Laistigh de bhliain amháin óna cheapachán, tá roinnt garspriocanna tábhachtacha bainte amach, amhail slabhra láidir foinsí faisnéise a thógáil (treoir shothuigthe agus mínithe ar na comhaontuithe trádála i dteanga shimplí le haghaidh FBManna), feachtais for-rochtana agus cur chun cinn, chomh maith le comhpháirtíocht fheabhsaithe a thógáil le páirtithe leasmhara san Aontas agus i dtríú tíortha.

**37.** Aithníonn an Coimisiún gur thóg sé tamall ar an gréasáin na naisc riachtanacha a bhunú. Mar sin féin, tá siad tar éis tacaíocht luachmhar a chur ar fáil le haghaidh FBManna ón tús. Ar ndóigh,

dá mhéad eolas a bhíonn orthu agus dá fheiceálaí iad is ea is mó an tionchar a bheidh siad in ann a imirt.

**38.** Dúradh i straitéis idirnáisiúnaithe FMBanna 2011 ‘gur cheart go mbeadh sé mar aidhm na seirbhísí a bheith féin-mhaoinithe a mhéid is mó is indéanta san fhadtéarma chun maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le soláthraithe seirbhísí príobháideacha a bhrú amach as an margadh gan údar’. De thoisic a gcineáil agus an chistithe sách teoranta a bhaineann leo, ní féidir lena gcuid seirbhísí a bheith chomh domhain, chomh speisialaithe agus chomh mionsonraithe agus atá na seirbhísí siúd dá n-íoctar a bhíonn á dtairiscint ag sainchomhairleoirí nó cuideachtaí speisialaithe.

**40** Aithníonn an Coimisiún an neamhleanúnachas airgeadais a bhí ann agus a tharla i bpáirt mar gheall ar an easpa neamhthuilleamaíochta. I gcás thionscadal ELAN, tharla sé freisin mar gheall ar an athrú ar an rialachán ab infheidhme: Maoiníodh ELAN faoi ionstraim ICI+, ionstraim ar cuireadh deireadh léi i ndeireadh 2013, agus leis an ionstraim nua (Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt) níor ceadaíodh maoiniú a dhéanamh ar idirghabhálacha a fhreastalaíonn go príomha ar leasanna an Aontais. Cé go raibh mar chuid de dhearadh thionscadail ICI+ san Áise Thoir Theas plean go mbeadh siad inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de tar éis dheireadh an tionscadail, ní raibh sin indéanta mar gheall ar, i measc nithe eile, na teorainneacha a bhain le stádas dlíthiúil i roinnt tíortha agus mar gheall ar an deacracht a bhain le bonn na gcomhaltaí a mhéadú. D’ainneoin na ndúshlán sin, tá roinnt iarmhairtí marthanacha ann ag eirí as na gréasáin a chruthaigh ELAN agus as gníomhaíochtaí tionscadail ICI+ ar lean comhpháirtithe tionscadail díbh.

## Bosca 5 Níor baineadh amach inbhuanaitheacht i gcás roinnt tionscadal cómhaoinithe de chuid an Aontais a seoladh le linn na tréimhse 2014-2020

Tagraíonn an Coimisiún dá fhreagra ar mhír 40 maidir le tionscadail ELAN agus ICI+.

Ina theannta sin, cé nach ndearnadh measúnú tionchair sonracha le haghaidh thionscadail ICI+ san Áise Thoir Theas, réachtáil an Coimisiún comhairliúcháin sna tíortha spriocdhírthe le Ballstáit agus le Toscaireachtaí AE. Ina theannta sin, cuireadh na tionscadail faoi réir Faireacháin atá Dírithe ar Thorthaí (ROM), as ar tháinig an t-atreorú ar roinnt gníomhaíochtaí tionscadail agus comhordú níos fearr idir tionscadail ICI+ SEA de chuid na dtíortha spriocdhírthe.

**42.** Féach na barúlacha i bpointe 81.

**43.** Cé nach ndearnadh meastóireacht ar chur chun feidhme straitéis idirnáisiúnaithe FBManna, tugadh faoi meastóireacht chórasach ar thionscadail go tráthrialta mar chuid de na cláir agus de na seirbhísí féin.

**44.** Sa chéad Tuarascáil Bhliantúil eile ar an Margadh Aonair déanfar machnamh dáiríre ar níos mó spáis a thiomnú do meastóireacht ar idirnáisiúnú FBManna.

**46.** Aontaíonn an Coimisiún agus oibreoidh sé le EISMEA chun measúnú nua a dhéanamh ar an bhfeasacht i dtaobh EEN i measc FBManna.

**47.** Is gnách go mbíonn éagsúlachtaí feidhmíochta idir tíortha, agus fiú idir cuibhreannais atá bunaithe sa tír chéanna, mar gheall ar na tosca a sainithníodh i gceart san iniúchadh, chomh maith le tosca polaitiúla agus eacnamaíocha, rudaí a d'fhéadfadh a bheith difriúil ó thír go tír, ó réigiún go réigiún agus de réir na hearnála eacnamaíche. Is riosca é sin a bhaineann i gcoitinne le gach socrú cuibhreannais a dheonaítear de thoradh ar ghlaio iomaíoch ar thograí.

**49.** Is ón mbliain 2015, le cois sé bliana ó shin, a thagann an figiúr a luaitear ó thaobh feasacht FBManna ar EEN. Fiú i gcás fhigiúr 2015, rinneadh measúnú ar an infheictheacht i measc na FBManna uile, fad is go bhfuil spriocghrúpa an Ghréasáin níos teoranta agus ní chumhdaíonn sé ach iad siúd ar mian leo dul i mbun nuálaíochta agus i mbun fáis go hidirnáisiúnta.

Chun an tábhacht a bhaineann le hardú feasachta a chur i dtábhacht, éilíodh ceanglais láidre i ndáil léi ar na hiarratasóirí ar an nglao nua EEN<sup>1</sup>.

**50.** Maidir leis an Treoir d'Iarratasóirí a shainithnítear san Iniúchadh, tagraíonn sé don ghlaio ar thograí ó 2014. Soláthraíodh treoraíocht bhreise le linn na tréimhse cur chun feidhme. Ceanglaítear ar gach cuibhreannas suíomh gréasáin náisiúnta a bhunú (rud lena mbaineann rithábhacht i gcás tíortha ina bhfuil níos mó ná cuibhreannas amháin), ar a gcuirtear ar fáil mapálacha na ndeiseanna cistithe. Rinne an Coimisiún agus EISMEA bearta chun feabhas a chur ar na cúrsaí sin sa EEN nua. Thug sé spreagadh freisin maidir le dul i gcomhar le gréasáin nó comhpháirtíochtaí eile, amhail eagraíochtaí Braislí, a sholáthraíonn treoracha sonracha le haghaidh an chomhair dhírigh<sup>2</sup>.

**51.** Aontaíonn an Coimisiún agus EISMEA gur gá go ndéanfaí 'EEN a chomhtháthú níos dlúithe sna heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta'.

Aontaíonn an Coimisiún go mbaineann tábhacht leis an gcomhar le heintitis náisiúnta eile de chuid an Aontais i dtríú tíortha. Tá sé sin ag tarlú cheana i roinnt tíortha, agus cuireann an Coimisiún agus EISMEA feabhas go leanúnach ar an gcomhar sin nuair is féidir.

**52.** Faoi ghlaio Bhealtaine 2021, rinneadh coincheap foirmiúil na ballraíochta comhlaí a ionadú le cur chuige solúbtha trínar féidir leis an gCoimisiún agus EISMEA comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích le heagraíochtaí ábhartha. Féadfaidh cuibhreannais réigiúnacha agus náisiúnta comhaontuithe comhair a shocrú ar a leibhéal féin. Is iomaí uirlisí comhair eile atá ann thar mheabhráin tuisceana shonracha agus d'fhéadfadh meabhráin tuisceana shonracha a bheith neamhriachtanach nó míchuí<sup>3</sup>.

**53.** Sa EEN nua, cinnfidh an Coimisiún agus EISMEA ar bhonn cás ar chás conas is fearr is féidir comhar a áirithiú.

Bhí BEI rannpháirteach i seimineáir ghairmoiliúna a reáchtáladh chun comhaltaí EEN a chur ar an eolas maidir lena ról agus maidir lena chuid seirbhísí comhairleacha tacaíochta agus chun leanúint den soláthar oiliúna de réir mar a d'iarr an Gréasán tríd an gCoimisiún agus EISMEA.

<sup>1</sup> Glao ar thograí SMP-COSME-2021-EEN an Líonra Fiontar Eorpach Mheitheamh 2021.

<sup>2</sup> Féach rannóga 2.3.5; 2.4.1.2; den Ghlaio ar thograí SMP-COSME-2021-EEN an Líonra Fiontar Eorpach Mheitheamh 2021

<sup>3</sup> Sa ghlaio, soláthraítear roinnt roghanna éagsúla comhair agus roinnt modhanna éagsúla comhair

**54.** Thairis sin, ceanglaítear ar Lárionaid um Chomhoibriú Gnó (LCGanna), nó ó 2022 ar aghaidh ar Chomhpháirtithe Gréasáin Idirnáisiúnta EEN, caighdeán cáilíochta a chleachtach, chomh maith lena gcuid gníomhaíochtaí gaolmhara EEN a léiriú (trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)). Má mhainníonn siad déanamh amhlaidh d'fhéadfadh siad a stádas EEN a chailliúint dá bharr.

**56.** Tá cumhdach EEN i dtíortha neamh-COSME bunaithe ar iarratais cháilíochtúla a fhaightear i dtaca leis na glaonna foilsithe chun bheith mar LCG. Leanfaidh an Coimisiún agus EISMEA orthu i mbun scagadh a dhéanamh ar iarratais nach gcomhlíonann caighdeán cháilíochta EEN. Rinne an Coimisiún agus EISMEA an glao seo a phoibliú go forleathan lena n-áirítear trí lá faisnéise a bhfuil rochtain ag an bpobal air, ach freisin trí Thoscaireachtaí an Aontais i bpríomh-thíortha comhpháirtíochta.

Tabharfar tús áite d'iarratais ó thíortha agus/nó ó bhloic thrádála: lena bhfuil an tAontas Eorpach tar éis comhaontuithe saorthrádála cuimsitheacha, comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche agus/nó comhaontuithe infheistíochta a thabhairt i gcrích; lena a bhfuil an tAontas Eorpach tar éis comhpháirtíochtaí rathúla taighde agus nuálaíochta a bhunú; ina bhfuil bonneagar maith gnó agus tacaíochta FBManna ar bun cheana ag an Aontas Eorpach agus go bhfuil sé toilteanach infheistíocht a dhéanamh chun é a leathnú<sup>4</sup>.

**57.** Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh difríochtaí a bheith ann i gcáilíocht na seirbhíse ó chuibhreannais éagsúla i dtíortha agus/nó réigiúin.

Tá an Coimisiún, i dteannta EISMEA, go seasta i mbun faireacháin ar fheidhmíocht ghréasán EEN i dtríú tíortha, chun caighdeán áirithe a chleachtadh, ach ag an am céanna, de réir nádúir; ní féidir cáilíocht aonfhoirmeach a bheith ann thar an oiread sin limistéar geografach éagsúla. Faoin nGla, leagadh tábhacht ar leith ar a chinntiú go soláthrófar ardleibhéal seirbhíse comónta.

**58.** Rinne an Coimisiún agus EISMEA méid nach beag oiliúna i ndáil le rochtain ar mhaoiniú agus d'oibrigh siad go dlúth freisin chun tacú le FBManna an Aontais chun buntáiste a bhaint as comhaontuithe saorthrádála. San EEN nua, oibreoidh an Coimisiún agus EISMEA go dlúth le chéile le comhaltaí EEN agus go háirithe leis na Grúpaí Téamacha um Rochtain ar Mhaoiniú agus Idirnáisiúnú chun tuilleadh riachtanais oiliúna a shainiú.

**59.** Aithníonn an Coimisiún agus EISMEA go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann maidir le infheictheacht ar líne agus inrochtaineacht na faisnéise sin ó chomhalta EEN go chéile. Tá sé geallta ag an gCoimisiún agus EISMEA go leanfaidh siad orthu i mbun feabhsú agus comhchuíbhíú inrochtaineacht agus infheictheacht na faisnéise sin in EEN, agus ar thairseacha an Mhoil Chomhairligh Eorpaigh maidir le hinfheistíocht (MCEI) agus an Choimisiúin chomh maith céanna.

**60.** Ba mhaith leis an gCoimisiún agus EISMEA a chur i dtábhacht go bhfuil Grúpa Téamach (GT) sonrath ag EEN atá tiomnaithe don cheist sin maidir le Rochtain ar Mhaoiniú, go háirithe ag FBManna, a reáchtálann cruinnithe agus malartuithe rialta. Féach freisin freagra an Choimisiúin faoi mhír 58.

**61.** In EEN nua, tá pointí teagmhála buana le haghaidh comhaontuithe saorthrádála á gcur ar bun.

D'ainneoin na paindéime, fós féin d'éirigh leis an gCoimisiún seisiún fíorúil 'cuirtear oiliúint ar na hoiliúnóirí' in 2021 le haghaidh EEN chun réamhbhlaiseadh a thabhairt ar thairseach

---

<sup>4</sup> Glao Iúil 2021 de chuid Chomhpháirtithe Gréasáin Idirnáisiúnta EEN. lch 6.



Access2Markets<sup>5</sup>. Go nuige seo, réachtáil an Coimisiún seimineáir oiliúna in 22 cheann de na 24 theanga san Aontas agus le linn ár gcuid imeachtaí oiliúna fíorúla d'éirigh linn oiliúint a chur ar rannpháirtithe as gach Ballstát

**62.** I dtús 2022 rinne EISMEA forbairt agus uasghrádú ar an ardán a bhaineann le Comhphobal EEN – Gréasánú, Foghlaim & Comhroinnt. Mar thoradh ar an uasghrádú sin ba cheart go soláthrófaí rochtain níos éasca ar na huirlisí is gá chun go soláthróidh EEN seirbhís níos fearr ar feadh aistear an chliant.

**63.** Sainaitnítear féilire láraithe táscach oiliúna gach bliain agus déantar é a mhionchoigeartú ar feadh na bliana.

Mar chuid de sin, déanfaidh an Coimisiún agus EISMEA measúnú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh tuilleadh oiliúna i dtaca le rochtain ar mhaoiniú agus comhaontuithe saorthrádála agus freagrófar an gá sin trí cláir oiliúna oiriúnacha a fhorbairt lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, eilimintí arna seachadadh ag BEI/CEI.

**68.** Ó thionscadail *Start-up Europe*, leanann roinnt comhpháirtithe orthu i mbun comhair ar a gcuid gníomhaíochtaí, bíodh is gur faoi ainm difriúil a dhéantar é.

**71.** Shocraigh an Coimisiún líon na ngnólachtaí nuathionscanta agus na n-earnálacha teicneolaíochtaí a fuair tacaíocht, chomh maith le líon na mBallstát agus tíortha comhlachaithe atá cumhdaithe leis na tionscadail. Mar sin féin, ar leibhéal an tionscnaimh iomláin tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun slata tomhais breise ar an dul chun cinn a shainmhíniú.

**72.** Cé nach bhfuil aon chomhlacht comhordaithe sonrath ainmnithe ann, rannchuidíonn Cruinnithe Mullaigh *Start-up Europe* agus cruinnithe rialta inmheánacha agus seachtracha eile le comhordú straitéiseach an tionscnaimh i dtreo a chuid cuspóirí foriomlána trí rannchuidiú gnólachtaí nuathionscanta le fás a chur i dtábhacht, moltaí sonracha beartais a dhéanamh agus comhoibriú idir tionscadail a éascú.

**73.** Ó 2019, tá neartú suntasach á dhéanamh ag *Start-up Europe* ar an gcomhordú le EEN. Ina theannta sin, tá *Start-up Europe* mar chuid de Chlár Oibre na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) ó 2021. Cuireadh feabhas freisin ar an gcomhordú le tionscnaimh de chuid na mBallstát, agus ina measc, trí Chaighdeán Barr Feabhais an Aontais i leith Gnólachtaí Nuathionscanta ('Start-up Nations Standard') a shíniú i Márta 2021<sup>6</sup>.

A mhéid a bhaineann le comhordú le tionscnaimh náisiúnta, bíonn pléití débhlantúla ann le hionadaithe ó na cláir náisiúnta i réimse na ngnólachtaí nuathionscanta ar leibhéal choistí na gclár chun comhaontú ar an gclár oibre agus chun tuairisciú maidir leis an méid a bhaintear amach.

Sa EEN nua, cruthaíodh Grúpa Téamach nua de chomhaltaí EEN ar a dtugtar 'Gnólachtaí Nuathionscanta agus Uas-Scáluithe'. Oibreoidh an Coimisiún agus EISMEA leis an nGrúpa chun comhar le *Start-up Europe* a áirithiú.

---

<sup>6</sup> <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/24-eu-member-states-commit-digital-day-take-action-support-growth-eu-startups>

Go dtí 2019, bhíodh deis ann ag tionscadail le linn Chruinniú Mullaigh bliantúil *Start-up Europe* sonraí agus taithí a roinnt, sineirgí a phlé agus deiseanna comhair a shainaithe. Mar thoradh ar an bpaindéim níor reáchtáladh an Cruinniú Mullaigh in 2020 ná in 2021.

**75.** Rinne an Coimisiún, na Ballstáit agus an Íoslainn an dearbhú maidir le Caighdeán Barr Feabhais an Aontais i leith Gnólachtaí Nuathionscanta ('Start-up Nations Standard') a shíniú in 2021 chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta ar fud na hEorpa ag gach céim dá bhforbairt. Leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe cruthófar dálaí níos fabhraí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta ag gach céim dá saolré agus déanfar simpliú ar na próisis a bhaineann le gnólachtaí a bhunú, daoine tallannacha a mhealladh agus rannpháirtíocht a ghlacadh i soláthair phoiblí. Ghlac an Coimisiún freisin le sprioc ó thaobh líon na n-aonbheannach san Aontas a dhúbailt faoi 2030 i dTeachtaireacht na nDeich mBliana Digiteacha ó Mhárta 2021. Tá an Rialachán maidir le hInfheistíochtaí Díreacha Coigríche agus an sásra scagtha de chuid Choimisiúin <sup>7</sup> ann freisin chun maolú a dhéanamh ar an riosca maidir le hacmhainní straitéiseacha a fháil.

## CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 78–90)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**78.** Is cuspóir meántéarmach go fadtéarmach é an obair a bhaineann le feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus comhordú. Tá an cúram an-chasta mar gheall ar líon na ngníomhaithe atá bainteach leis (laistigh den Aontas agus lasmuigh de) agus mar gheall ar iliomad na dtionscadal.

**79.** Go deimhin, táimid ar aon fhocal nár éirigh le gach gníomhaíocht a cuireadh chun feidhme. Mar sin féin, is ábhartha i gcónaí ábhar na gceachtanna a foghlaimíodh. Mar shampla, maidir le lainseáil agus oibriú na tairisí ilteangaí ar líne lena nascaí gach seirbhís de chuid an Aontais agus na mBallstát mar thacaíocht d'ídirnáisiúnu FBManna, fuarthas amach go raibh sé sin ró-chasta agus go raibh sé ag éileamh méid mór acmhainní.

**80.** Cuireadh feabhas ar an gcomhordú idir an tAontas agus na Ballstáit trí chruinnithe tráthrialta leis hEagraíochtaí Cur Chun Cinn Trádála; agus mar thoradh ar an nGréasán Eorpach TPOanna a cruthaíodh le déanaí.

Cuireann Toscaireachtaí AE Ambasáidí na mBallstát i mbun rannpháirtíochta agus ar an eolas i dtaobh na dtionscadal a fhorbraítear sa réimse, agus ag an gCoiste um Rochtain ar an Margadh (Cruinnithe an Aontais le Ballstáit) soláthraítear faisnéis rialta maidir leis na gníomhaíochtaí a fhorbraíonn an tAontas i dtríú tíortha.

**81.** Tá céimeanna pleanála tosaigh á nglacadh faoi láthair le haghaidh meastóireacht dheiridh ar chlár COSME. Mar gheall ar an tréimhse fhada ama a bheartaítear chun cineálacha áirithe gníomhaíochtaí lena dtacaíonn COSME a chur chun feidhme, ní fhéadfadh meastóireacht níos túisce breith go hiomlán ar thorthaí an chlár.

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh; <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj>

Baineann castacht le ceist na hinbhuanaitheachta i gcás cuid de na tionscadail, sa mhéid is nach ceadmhach do roinnt tionscadail brabús a dhéanamh.

**82.** Tugann an Coimisiún agus EISMEA dá n-aire na rabhaidh a nótáladh thuas ó thaobh ord tosaíochta na dtíortha faoi ghlaio an Ghréasáin Idirnáisiúnta Comhpháirtithe.

**83.** Aontaíonn an Coimisiún agus EISMEA, á thabhairt dá n-aire na deacrachtaí a bhaineann le leibhéal arda aonfhoirmeacha máthairghnóthas a áirithiú. Oibreoidh siad le chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh comhaltaí EEN na ceanglais infheictheachta agus chumarsáide.

**84.** Cé go mb'fhéidir go mbeidh gá le comhaontuithe foirmiúla comhair, níl iontu ach cineál amháin de na huirlisí atá ar fáil.

**85.** Tá an Coimisiún, i dteannta EISMEA, go seasta i mbun faireacháin ar fheidhmíocht ghréasán EEN i dtríú tíortha, agus ag gníomhú i gcás inar gá. Rinne siad an glao a chur chun cinn go gníomhach ach ní féidir leo a ráthú ná a áirithiú go bhfaighfear iarratais ó thíortha áirithe. Thairis sin, ní mór do na hiarratasóirí na ceanglais incháilitheachta a chomhlíonadh agus an próiseas meastóireachta a shásamh.

**86.** Breathnóidh an Coimisiún agus EISMEA ar a thuilleadh oiliúna agus comhar níos dlúithe maidir le saincheisteanna na rochtana ar mhaoiniú agus ar Chomhaontuithe Saorthrádála agus breathnóidh siad freisin ar bhealaí chun méadú a chur ar ghné for-rochtana agus éifeacht iolraitheora na hoiliúna a sholáthraítear don Ghréasán. Leanfaidh siad orthu i mbun comhar níos dlúithe a fhorbairt le BEI/CEI<sup>8</sup>. Tugadh isteach uirlisí TF nua i bhFeabhra 2022.

**87.** Tá buiséad *Start-up Europe* teoranta do 30 milliún euro ó 2014-20.

**88.** Féach an freagra ar mhír 72 go mír 73.

**89.** Féach an freagra maidir le pointe 71.

**90.** Más leis na gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha fás agus uas-scálú chun go ndéanfar a bheith ina díobh, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh siad rochtain ar na margaí féideartha agus na deiseanna cistithe uile (lena n-áirítear margaí idirnáisiúnta). Fáiltítear roimh eagrú imeachtaí meaitseála uas-scálaithe corparáidí, d'fhonn comhpháirtíochtaí fad-mharthanach a chruthú, fiú má eascraíonn éadálacha astu, ar choinníoll go mbíonn na gnólachtaí nuathionscanta, mar thoradh ar na himeachtaí sin, in ann leanúint orthu ag oibriú agus ag fás san Aontas. Más leis na gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha fás agus uas-scálú chun go ndéanfar a bheith ina díobh, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh siad rochtain ar na margaí féideartha agus na deiseanna cistithe uile (lena n-áirítear margaí idirnáisiúnta). Fáiltítear roimh eagrú imeachtaí meaitseála uas-scálaithe corparáidí, d'fhonn comhpháirtíochtaí fad-mharthanach a chruthú, fiú má eascraíonn éadálacha astu, ar choinníoll go mbíonn na gnólachtaí nuathionscanta, mar thoradh ar na himeachtaí sin, in ann leanúint orthu ag oibriú agus ag fás san Aontas.

---

<sup>8</sup> Ina theannta sin, ag an seisiún oiliúna a d'eagraigh an Coimisiún agus EISMEA an 18-19 Samhain 2021 rinne BEI cur i láthair os comhair chomhaltaí EEN ar dhícheall cuí BEI maidir leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach. Tá BEI faoi réir chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí feasta chur, i measc rudaí eile, uirlisí TF a forbraíodh le déanaí a chur i láthair, lena n-áirítear an Seiceálaí Glas.

## **Moladh 1 - Méadú a chur ar an bhfeasacht, comhleanúnachas agus inbhuanaitheacht a bhaineann leis an tacaíocht a thugtar d'idirnáisiúnú FBManna**

### **1.A.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Geallann an Coimisiún uasdátú a dhéanamh go tráthrialta ar an doiciméad 'Forbhreathnú ar ionstraimí an Aontais a rannchuidíonn le hidirnáisiúnú Gnólachtaí Eorpacha' agus, in aon chás, roimh dheireadh na bliana 2023.

Nuair atáthar faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur i dtábhacht go ndéantar foráil le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir leis an oibleagáid chun faisnéis a fhoilsiú ar thionscadail atá comhchistithe ag údaráis bhainistíochta.

### **1.B.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Céim thosaigh is ea anailísiú agus sainaitheint bearnaí agus forluíonna, ba cheart dó a bheith curtha i gcrích sula soláthraítear réiteach chun sineirgí a chothú.

### **1.C.** Glacann an Coimisiún leis an moladh

Leis na treoshuíomhanna CMA nua (an Clár um Margadh Aonair) cuirtear san áireamh na measúnaithe tionchair agus an mheastóireacht eatramhach a rinneadh ar ghníomhaíochtaí/chláir roimhe seo.

Is ar leibhéal an chláir CMA go príomha a dhéanfar meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair. Is ar na seirbhísí a chuireann gníomhaíochtaí chun feidhme faoi gach cuspóir sonracha atá an fhreagracht maidir le sonraí a ullmhú, a bhailiú agus a thiomsú le haghaidh faireachán agus meastóireacht oiriúnach ar a gcuid gníomhaíochtaí féin agus maidir leis an tuairisciú is gá a ullmhú (tag. cuspóir colúin FBManna 3.2.b de Bhun-Ghníomh FMBanna).

Leis an meastóireacht dheiridh ar COSME (2023), agus leis an meastóireacht eatramhach ar CMA a dhéanfar i mbliain 4 den chlár soláthrófar faisnéis lena dtabharfar bonn cirt le haghaidh gníomhaíochtaí sa todhchaí, lena n-áirítear aon ghníomhaíochtaí maidir le hidirnáisiúnú FBManna. Tá meastóireachtaí sonracha beartaithe freisin le haghaidh roinnt mór-ghníomhaíochtaí.

### **1. D.** Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Is casta an cúram a bheidh ann measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na straitéise idirnáisiúnaithe FBManna, á chur san áireamh tionchar na mbeartas eile (beartas FBManna, Beartas Trádála, Beartas Tionsclaíoch, Beartas Réigiúnach, Beartas Forbartha).

## **Moladh 2 – Méadú a chur ar infheictheacht an Líonra Fiontar Eorpach, ar an gcomhar idir é agus cláir eile chomhchosúla, ar a gcuid gníomhaíochtaí oiliúna agus ar an limistéar a chumhdaítear leis**

### **– 2.A.** Glacann an Coimisiún agus EISMEA leis an moladh.

–

- **2.B.** Glacann an Coimisiún agus EISMEA leis an moladh.
- 
- **2.C.** Glacann an Coimisiún agus EISMEA leis an moladh.
- 
- **2.D.** Glacann an Coimisiún agus EISMEA leis an moladh.

## **Moladh 3 – Feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar thionscnamh *Start-up Europe* agus ar éifeachtacht fhadtéarmach an tionscnaimh**

### **3.A.** Glacann an Coimisiún leis an moladh

Spreagann an Coimisiún inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí tionscadail, ach bíonn teorainn air ó thaobh ‘é sin a fhorfheidhmiú’ an túsce is a bhíonn an tionscadal críochnaithe agus a dhíscaoiltear an cuibhreannas. Féadfaidh comhpháirtithe aonair tionscadail a chinneadh, áfach, leanúint orthu i mbun roinnt gníomhaíochtaí tionscadail tar éis don tionscadal críochnú.

### **3.B.** Glacann an Coimisiún leis an moladh

### **3.C.** Glacann an Coimisiún leis an moladh